**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

# An Ardteistiméireacht 2023

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

## Spáinnis

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA Ardleibhéal**

**SCÉIM MHARCÁLA**

**SPÁINNIS 2023**

**TABHAIR FAOI DEARA:**
***Agus an scéim mharcála á léamh ba chóir na pointí seo a leanas a chur san áireamh:***

Léiríonn **tulslais** / roimh fhreagra go bhfuil an freagra comhchiallach leis an gceann a tháinig roimhe nó gur freagra malartach é. Ní féidir glacadh le freagraí le tulslais eatarthu mar fhreagraí éagsúla, mar sin.

Léiríonn **fleasc -** roimh fhreagra gur freagra ann féin é, a d'fhéadfaí a mheas mar fhreagra nach bhfuil baint aige le haon fhreagraí molta eile ar an gceist.

Léiríonn **lúibíní cruinne ( )** ábhar nach meastar a bheith riachtanach chun marcanna iomlána a bhaint amach.

Léiríonn **lúibíní cearnacha [ ]** briseadh síos ar na marcanna laistigh den cheist nó cuirtear níos mó soiléiriú chun go mbronnfar marcanna ar fhreagraí áirithe ar an gceist sin.

Léiríonn **focail a bhfuil <u>líne fúthu</u>** gné riachtanach.

**N. B. Maidir le gach Roinn den scrúdú, níor chóir a mheas nach féidir glacadh le haon fhreagra ach amháin na freagraí a thugtar ar an scéim mharcála. Is féidir glacadh le freagraí atá comhchiallach nó coibhéiseach leis na cinn ar an scéim mharcála fhoilsithe chomh maith.**

*Agus an scéim mharcála á forbairt, ba chóir aird a thabhairt ar an méid seo a leanas:*

- *I go leor cásanna ní thugtar ach príomhfhrásaí ina bhfuil faisnéis agus smaointe a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh.*
- *Níl na tuairiscí, modhanna ná sainmhínithe a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile.*
- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. *D’fhéadfadh riachtanais agus leithdháileadh na marcanna athrú ó bhliain go bliain, dá réir sin.*
- *Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.*

## Nótaí mínithe a úsáidtear sa mharcáil

**Ní thugtar nótaí mínithe sna freagraí uile.**

| **Nóta** | **Brí** |
|---|---|
| / | Deireadh an phointe a aithint |
| [ | Tús an phointe lascainithe |
| ] | Deireadh an phointe lascainithe |
| - | Pointe fágtha ar lár |
| ✓ | Ábhar feicthe ag an scrúdaitheoir |
| ⦚ | Leathanach bán |
| **Scéim Mharcála Mhionathruithe (MMS)** | Scéim Mharcála Mhionathraithe curtha i bhfeidhm |

Marc Iomlán: 300

| Grád | uasmharc |
|---|---|
| 1 | 270 |
| 2 | 240 |
| 3 | 210 |
| 4 | 180 |
| 5 | 150 |
| 6 | 120 |
| 7 | 90 |
| 8 | 0 |

## ROINN A (70 MARC)

**Caithfidh na ceisteanna a fhreagairt sa teanga léirithe ar an scrúdpháipéar chun marcanna iomlána a bhronnadh.**

**1. (a) Litríocht dualgais – *Relato de un náufrago*** **(50 marc)**

**C. 1 3 x 3m = 9 marc**

**[Ní bhronntar aon mharcanna má tá focal breise curtha isteach. Tras-scríbhinn dhíreach ag teastáil]**

**(a)** *agotado* **(3m)**
**(b)** *espesa* **(3m)**
**(c)** *breves momentos* **(3m)**

**C. 2 3 x 3m = 9 marc**

**(a)** … ar thuig mé an tábhacht a bhaineann le snámh maith a bheith ag duine **(3m)**
**(b)** ... bhí an talamh faoi mo bhróga/cosa ann **(3m)**
**(c)** ... mar sin lean mé ar aghaidh ag streachailt/ag troid in éadan na dtonnta **(3m)**

**C. 3 4 + 3+ 3 = 10marc**

**[An chéad fhreagra cheart = 4m]**

**Trí** cheann díobh seo:

- bhí sé níos mó ná ciliméadar ar shiúl
- bhí an ghrian ag soilsiú ar bharr na gcrann cnó cócó
- gan aon soilse ar an gcósta
- gan aon bhaile/sráidbhaile
- gan aon tithe le feiceáil
- chonaic sé an imlíne na bplandaí cnó cócó
- ní cois trá
- fásra tiubh/dlúth **(4+3+3m)**

**C. 4 4 + 3 + 3 = 10 marc**

**[An chéad fhreagra cheart = 4m]**

**Trí** cheann díobh seo:

- (deir sé) gur mothú aisteach é
- thuig sé gur mheasa a bhí roimhe
- bhí sé go hiomlán traochta
- ní raibh sé in ann seas suas/fanacht ar a bhoinn
- bhrúigh na tonnta go foréigneach é
- bhí bonn *Virgen del Carmen* idir a chuid fiacla aige
- bhí a chuid éadaí agus a chuid bróga ina luí air/mhothaigh siad an-trom
- mhothaigh sé cúthail
- cheap sé go mbuailfidh sé le duine éigin (go gairid)
- choinnigh sé leis ag troid in éadan an fhoshrutha gan a chuid éadaí a bhaineadh de a bhí ag cur bac air dul ar aghaidh.
- cheap sé go raibh sé ag titim i laige de bharr an traochta

**(4+3+3m)**

**C. 5 4 + 4 +4 =12 mharc**

Plé ar **thrí** phointe ar bith.

**[Ní bhronntar aon mharcanna le haghaidh freagraí a thacú le tagairt don sliocht]**

**1. (b) Téacs Iriseoireachta AUMENTAN LAS OLAS DE CALOR EN ESPAÑA (50 marc)**

**C. 1 4 + (2 + 2) + (2 + 2) + 4 + (2 + 2) = 20 marc**

**(a)** (D'athraigh siad) a mbealach as sult a bhaint as an samhradh agus an t-am a chaitheann siad lasmuigh **(4m)**

**(b) Dhá** cheann díobh seo:

-sroichtear (sroicheann siad) níos gairide/níos luaithe sa samhradh
-mairtear (maireann siad) níos faide
-bíonn tionchar (acu) ar an gcuid is mó den tír **(2+2m)**

**(c) Dhá** cheann díobh seo:

-is féidir le daoine na tonnta teasa a éalú
-básanna a laghdú
-teorainn a chur i dtinnis sa daonra **(2+2m)**

**(d)** Cuireadh na daltaí abhaile chun na teochtaí (os cionn) 40 céim (ceinteagrád) a éalú **(4m)**

**(e) Dhá** cheann díobh seo:
-daoine leochaileacha
-seandaoine
-mná atá ag iompar
-daoine le himpleachtaí riospráide **(2+2m)**

**C. 2 4 + 4 + 4 = 12 mharc**
**[Ní bhronntar aon mharcanna má tá focal curtha isteach nó fágtha ar lár. Tras-scríbhinn dhíreach ag teastáil]**

**(a)** *habitantes* **(4m)**
**(b)** *se puede descansar* **(4m)**
**(c)** *modifica el comportamiento* **(4m)**

**C. 3 4 + 4+ 4 = 12 mharc**

**(a)** ...leis an aerchóiritheoir ar uaschumhacht... **(4m)**
**(b)** ...bealaí éagsúla chun na torthaí dainséaracha a laghdú **(4m)**
**(c)** ...chuaigh an cine daonna in oiriúint dá dtimpeallachtaí i gcónaí... **(4m)**

**C.4 (6 mharc)**

[D'fhéadfaí aon mharc ó 0 go dtí 6 a bhronnadh le haghaidh na ceiste seo. **Gan aon mharc le haghaidh freagraí as Béarla**]

**2.** **(a) AGUS (b) = 20 marc**

**(a) UN LADRÓN ARGENTINO COMPENSA A SUS VÍCTIMAS** **(10 marc)**

(i) Bhuaigh sé beagnach milliún (pesos) sa chrannchur i ndiaidh na n-uimhreacha céanna a imirt ar feadh 15 bhliain **(4m)**

(ii) D'fhógair sé (do na póilíní) ní ghoidfeadh sé níos mó,
thairg sé airgead mar chúiteamh dá íospartaigh **(2+2m)**

(iii) **Dhá** cheann díobh seo:
-cloig/ uaireadóirí
-bráisléid
-fáinní
-ríomhairí glúine/ríomhairí **(1+1m)**

**(b) ZARA LANZA SU COLECCIÓN DE ROPA PARA MASCOTAS** **(10 marc)**

(i) Le linn na paindéime shocraigh cuid mhór daoine peataí, go háirithe madraí a cheannach nó uchtú **(4m)**

(ii) **Dhá** cheann díobh seo:
-éadrom
-ildaite
-oiriúnach don gheimhreadh nó an t-earrach **(2+2m)**

(iii) **Dhá** cheann díobh seo:
- spéaclaí gréine
- coiléir/muincí
- scuaba/cíora
- bréagáin **(1+1m)**

## ROINN B (100 MARC )

**Caithfidh na ceisteanna a fhreagairt sa teanga léirithe ar an scrúdpháipéar chun marcanna iomlána a bhronnadh.**

**LOS JÓVENES ESPAÑOLES SE VAN DE CASA A LOS 29 AÑOS**

**C. 1 3 + 3 + 3 + 3 + 3 = 15 mharc**
**[Ní bhronntar aon mharcanna má tá focal curtha isteach nó fágtha ar lár. Tras-scríbhinn dhíreach ag teastáil]**

**(a)** *a la mitad* **(3m)**
**(b)** *tareas del hogar* **(3m)**
**(c)** *reconoce* **(3m)**
**(d)** *suficiente* **(3m)**
**(e)** *tiempos adversos* **(3m)**

**C. 2 5 + 5 + 5 = 15 mharc**
**[Aimsir cheart ag teastáil chun marcanna iomlána a bhronnadh]**

**(a)** Is constaic mhór eile é costas ard an chíosa de ghnáth **(5m)**
**(b)** An ceangal teaghlaigh láidir atá mar thréith ag muintir na Spáinne **(5m)**
**(c)** Cuireann siad oideachas ar a bpáistí le bheith neamhspleách agus a dteach féin a bhunú **(5m)**

**C. 3 1 + 1 + 1 + 1 + 1= 5 mharc**
**[Ní bhronntar aon mharcanna má tá focal curtha isteach. Tras-scríbhinn dhíreach ag teastáil]**

**(a)** *sin embargo* **(1m)**
**(b)** *falleció* **(1m)**
**(c)** *mudarme* **(1m)**
**(d)** *natural* **(1m)**
**(e)** *señala* **(1m)**

**C. 4 (2+2+2) + 5 + 4 = 15 mharc**

**(a)** **Trí** cheann díobh seo:
- tá sé neamhchinnte
- (sa Spáinn tá óg-) dífhostaíocht ag 30%
- conarthaí sealadacha
- tuarastail íseal **(2+2+2m)**

**(b)** Ní gá dó aon imní a bheith air faoin gcostas a mbainfí lena árasán féin a bheith aige ar nós solas agus uisce **(5m)**

**(c)** Tuiscint na dtuismitheoirí ar ollscoil a mhaoiniú (dá bpáistí), a n-íocann an rialtas as i dtíortha eile **(4m)**

## Roinn B: Ceist 5 MARCANNA IOMLÁN: 50

Treoirlínte le hÚsáid ar C. 5 (Ceist Nasctha)

**1. ÁBHAR/CUMARSÁID** **25 marc**

| | |
|---|---|
| **BARR**<br>Ardleibhéal comhleanúnachais<br>Argóinteacht shoiléir<br>Aidhm na cumarsáide comhlíonta<br>Gan aon/mórán ábhar neamhábhartha | **18 – 25 marc** |

| | |
|---|---|
| **LÁR**<br>Leibhéal réasúnta de chomhleanúnachas<br>Is féidir le cainteoir Spáinnise é a thuiscint<br>Aidhm na cumarsáide beagnach comhlíonta<br>Roinnt ábhar neamhábhartha | **9 – 17 marc** |

| | |
|---|---|
| **BUN**<br>Easpa comhleanúnachais<br>Bheadh deacracht ag cainteoir dúchais na Spáinnise é a thuiscint<br>Níl an aidhm chumarsáide comhlíonta<br>Cuid mhór ábhar neamhábhartha | **0 – 8 marc** |

**2. TEANGA** **25 marc**

| | |
|---|---|
| **BARR**<br>Spáinnis nádúrtha<br>Stór focal sách maith<br>Beagán botún litrithe/gramadaí<br>Úsáid cheart de na haimsirí | **18 – 25 marc** |

| | |
|---|---|
| **LÁR**<br>Stór focal sách maith - sásúil agus oiriúnach den chuid is mó<br>Briathra cearta den chuid is mó<br>Gan an iomarca botúin litrithe/gramadaí | **9 – 17 marc** |

| | |
|---|---|
| **BUN**<br>Fadhbanna leis an stór focal – réimse stór focal áirithe<br>Briathra míchearta den chuid is mó<br>Go leor botúin litrithe | **0 – 8 marc** |

**Nóta:**
**Sa chás nach bhfuil aon mharcanna bronnta ar Ábhar 1, (i.e. iarracht neamhábhartha ina iomláine), ní bhronnfar aon mharcanna ar Theanga 2.**
**Ní bhronntar aon mharcanna ar fhrásaí a tógadh díreach ón téacs.**

| ROINN C | MARCANNA IOMLÁN: 50 |
|---|---|

**Ní mór d'iarrthóirí triail a bhaint as 1 (a) nó 1 (b) AGUS 2 (a) nó 2 (b)**

**Treoirlínte maidir le Roinn C.**

- Sa chás go bhfreagraíonn iarrthóir páirteanna (a) **agus** (b) de Cheist 1 **nó** Ceist 2, caithfear an dá cheann a mharcáil agus bronnfar na marcanna ar an bpointe is airde scóir **amháin** den dá cheann.
- Ba chóir neamhaird a thabhairt ar mionearráidí (i.e.nach gcuireann 'teachtaireacht' as a riocht).
- Ní mór do bhriathra a bheith ceart do mharcanna iomlán a fháil.

N.B.: I bpáirt ar bith de léiriúchán scríofa ní ghearrfar pionós ar an mbotún céanna faoi dhó.

Ceist 1: Agus an cheist seo le marcáil agat – (a) nó (b) – ba chóir cloí tríd is tríd leis na tosaíochtaí d'Ábhar agus Teanga i Roinn B, C.5.

**Ceist 1 (a)** **COMHRÁ A CHUMADH** **30 marc**

Lig do **6** mharc an ceann ar a mhéad. **(5 x 6m = 30 marc)**

*<u>NÓ</u>*

**Ceist 1 (b)** **LITIR / RÍOMHPHOST** **30 marc**

- Tá **cúig** phointe le déanamh. **(5 x 6m = 30 marc)**
- Lig do **6** mharc an ceann ar a mhéad.
- Tabhair faoi deara ba cheart gach pointe *a fhorbairt* agus *a mhéadú.*
- D'fhéadfadh an litir/ ríomhphost a bheith bunaithe **go garbh** ar na moltaí a tugadh.
- D'fhéadfadh le hiarrthóirí a bpointí féin a dhéanamh agus níl orthu úsáid a bhaint as na treoirlínte a tugadh.

Critéir do Cheist **1 (a) COMHRÁ** agus **(b) LITIR**

**MARCANNA IOMLÁN: 30 MARC** **(Marcáil gach 'casadh' go sainiúil.)**

| | |
|---|---|
| **6 mharc:** | Aidhm na cumarsáide comhlíonta.<br>Ní mór do bhriathra a bheith ceart do mharcanna iomlán a fháil. |
| **4** - **5 mharc:** | Aidhm na cumarsáide comhlíonta, a bheag nó a mhór.<br>Briathra cearta den chuid is mó. |
| **2** - **3 mharc:** | Cuid d'aidhm na cumarsáide comhlíonta.<br>Roinnt mhaith earráidí gramadaí agus botúin litrithe.<br>Úsáid mícheart de bhriathar/ aimsirí míchearta. |
| **1 mharc:** | Cuid fhíorbheag d'aidhm na cumarsáide comhlíonta. |
| **0 marc:** | Níl an teachtaireacht curtha in iúl in aon chor. |

**Ceist 2 (a)** **IONTRÁIL DIALAINNE** **20 marc**

Tá **ceithre** phointe le cur in iúl. Lig do **5** mharc an ceann ar a mhéad **(4 x 5m = 20 marc)**
Ní gá go mbeadh forbairt ar phointí riachtanach.

***NÓ***

**Ceist 2 (b)** **NÓTA** **20 Marc**

Tá **ceithre** phointe le cur in iúl. Lig do **5** mharc an ceann ar a mhéad. **(4 x 5m = 20 marc)**
Ní gá go mbeadh forbairt ar phointí riachtanach.

Critéir do Cheist **2 (a) DIALANN** agus **(b) NÓTA**

**MARCANNA IOMLÁN:** **20 MARC** **(Marcáil gach pointe go sainiúil)**

| | |
|---|---|
| **5 mharc** | Aidhm na cumarsáide comhlíonta.<br>Briathra cearta. |
| **4 mharc** | Aidhm na cumarsáide comhlíonta, a bheag nó a mhór.<br>Briathra cearta den chuid is mó. |
| **3 mharc** | Aidhm na cumarsáide comhlíonta, a bheag nó a mhór.<br>D'fhéadfaí roinnt earráidí gramadaí & botúin litrithe bheadh ann. |
| **2 mharc** | Cuid d'aidhm na cumarsáide comhlíonta.<br>Roinnt mhaith earráidí gramadaí & botúin litrithe. |
| **1 mharc** | Is beag den teachtaireacht atá curtha in iúl. |
| **0 marc** | Níl an teachtaireacht curtha in iúl. |

## CLUASTUISCINT (80 MARC)

**Caithfear na freagraí ar fad a bheith i mBéarla.**

**Má fhreagraítear an scrúdú/roinn ar fad i Spáinnis: marcáil é i gcomhréir leis an Scéim Mharcála agus bronn leath na marcanna a gnóthaíodh.**

**1. AYUDA PARA TRASLADARSE A ESPAÑA**

**4 + (2+1) + 4 mharc = 11 mharc**

**(a)** Chun cuidiú (le daoine) dul i dtaithí ar shaol nua chomh luath agus is féidir **(4m)**

**(b)** Lóistín/ tithíocht shealadach; cuntas bainc **(2+1m)**

**(c)** (Faoin) cathair nua; billí; an tslí chun cláruimhir chairr a athrú **(4m)**
[An carr a athrú= 0m]

**2. ENTREVISTA CON LA REINA MÁXIMA DE HOLANDA**

**3+(1+2) + (2+1) + 3 mharc = 12 mharc**

**(a)** Bhí tionchar ag an ngéarchéim gheilleagrach san Airgintín/90idí uirthi **(3m)**

**(b)** Bhí siad i ngrá ón gcéad uair ar leag siad súil ar a chéile; ní raibh a fhios ag an rí/aige conas damhsa a dhéanamh **(1+2m)**

**(c)** Thosaigh sí ar an ollscoil le déanaí agus (fuair sí a) ceadúnas tiomána **(2+1m)**

**(d)** Chun (daoine) a mhúineadh conas an domhan airgeadais a thuiscint **(3m)**

**3. HABLANDO CON EL ADVENTURERO, JAVIER MARTÍNEZ**

**3 + 3 + 4 + 3 mharc = 13 mharc**

**(a)** Go raibh sé bréan d'aerfoirt **(3m)**

**(b)** Lán de mhoilleanna agus pian **(3m)**

**(c)** Sáinnithe sa sneachta gan bia ná deoch **(4m)**

**(d)** Taithí míchuibheasacha; dúshláin; uaigneas **(3m)**

**4 SEAT – SIETE DÉCADAS DE HISTORIA**

**3 + 3 + 3 + 4 mharc = 13 mharc**

**(a)** Ní mór dóibh (feithiclí ar nós) otharcharranna agus cairr Gardaí a chruthú **(3m)**

**(b)** Chun a gcarranna is déanaí a thaispeáint **(3m)**

**(c)** **Trí cheann** díobh seo: cois cósta/79,000 áitritheoir/ taobh theas de Tenerife/ ainmníodh an carr as **(3m)**

**(d)** (Éasca) iad a fhuaimniú sna <u>scórtha</u> teangacha **(4m)**

**5. LA COMIDA TRADICIONAL MEXICANA**

**3 + 2 + 3 + (1+2) mharc = 11 mharc**

**(a)** Stíl mhaireachtála; luachanna; féiniúlacht (na tíre) **(3m)**

**(b)** (De bharr) an bia atá ag fás i ngach réigiún **(2m)**

**(c)** Úsáidtear chun anlann <u>te</u> a dhéanamh i Meicsiceo <u>amháin</u> **(3m)**

**(d)** (Táirgtear) <u>na mílte</u> post, 30% de chaiteachas (turasóra) **(1+2m)**

**6. EL TIEMPO**

**3 + 3 + 3 mharc = 9 marc**

**(a)** (An-) te agus níos tirime ná mar a bhíonn de ghnáth **(3m)**

**(b)** Os cionn an mheáin; 13-15 (céim) **(3m)**

**(c)** **Ceann amháin** díobh seo:
-Mhéadaigh na scamaill san Oirdheisceart
-Seans go mbeidh stoirmeacha sna hOileáin Chanáracha **(3m)**

**7.** **EL SECRETO DEL AMOR**

**2 + 3 + 3 + 3 mharc = 11 mharc**

**(a)** <u>Níos mó ná</u> 200 bliain/dhá aois **(2m)**

[Éachtach =1m]

**(b)** San fhoirgneamh chéanna de leathchúpla deirféar Meena **(3m)**

**(c)** As bheith an lánúin phósta is sine (sa domhan) **(3m)**

**(d)** Foighne; aibíocht; meas **(3m)**

**11+12+13+13+11+9+11 = 80 marc**

## AGUISÍN A hAON

## CÓIRÍOCHT RÉASÚNACH AGUS SCÉIM MHARCÁLA MHIONATHRAITHE

Cuirtear scéim mharcála mhionathraithe i bhfeidhm ar an obair a chuireann iarrthóirí isteach ar deonaíodh ceann amháin nó níos mó de na socruithe seo a leanas dóibh:

- *Leagan taifeadta den obair scríofa.*
- *Ríomhaire le saoráid seiceála litrithe air á úsáid.*
- *Úsáid scríobhaí.*
- *Tarscaoileadh maidir le litriú agus gramadach.*

I gcás na n-iarrthóirí sin dár deonaíodh tarscaoileadh maidir le litriú agus le gramadach, ní ghearrtar pionós as earráidí i ngnéithe áirithe den ghramadach. Le hobair na n-iarrthóirí á meas, cuirfear scéim mharcála mhionathraithe i bhfeidhm.

**Ó Chluas**
Freagraítear an chuid seo den scrúdú i mBéarla, agus dá bhrí sin ní gá socruithe ar leith a dhéanamh, toisc nach ngearrtar pionós as litriú mícheart ná as gramadach mhícheart sa ghnáthscéim mharcála.

**Ranna A agus B**
Do cheisteanna a fhreagraítear i Spáinnis, ní ghearrfar pionós ar litriú mícheart agus gnéithe áirithe gramadaí ar nós foircinn na mbriathar agus comhtheacht aidiachtaí.

**Roinn B Ceist 5**
Déanfar ábhar agus cumarsáid a mharcáil mar is gnách ach ní ghearrfar pionós as litriú mícheart, ar nós síneadh fada atá in easnamh nó mícheart, agus gnéithe den ghramadach, ar nós foircinn na mbriathra agus comhtheacht aidiachtaí.

**Roinn C**
Déanfar ábhar agus cumarsáid a mharcáil mar is gnách ach ní ghearrfar pionós as litriú mícheart, ar nós síneadh fada atá in easnamh nó mícheart, agus gnéithe den ghramadach, ar nós foircinn na mbriathra agus comhtheacht aidiachtaí.

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA SPÁINNIS 2023 TRAS-SCRÍBHINN Ó CHLUAS

### 1. ANUNCIO

### AYUDA PARA TRASLADARSE A ESPAÑA

Vivir en un país nuevo no es fácil, ya sea para una temporada o para siempre. Aquí en la agencia Relomar nuestro objetivo principal es ayudar a la gente a adaptarse a una nueva vida lo antes posible. En Relomar, hemos ayudado a familias, empresas y a sus trabajadores a trasladarse a España. Llevamos veinticinco años trabajando en el sector. Según nuestra experiencia, lo primero es organizar una vivienda temporal y una cuenta bancaria. Después, para los niños, les encontramos un colegio. No se preocupe, Relomar se encarga de todo. Les ofrecemos un paquete de bienvenida con toda la información sobre la nueva ciudad, las facturas y cómo cambiar la matrícula del coche.

### 2. DIÁLOGO

### ENTREVISTA CON LA REINA MÁXIMA DE HOLANDA

La Reina Máxima de Holanda nació en Buenos Aires, Argentina, el 17 de mayo de 1971. Es Reina desde 2013 por su matrimonio con el Rey Guillermo Alejandro.

**¿Qué estudió usted en la universidad?**

Estudié Economía porque la crisis económica de Argentina en los años noventa me impactó. Después de licenciarme, hice un máster en Nueva York y me dediqué al mundo de la economía en Estados Unidos.

**1999 fue un año especial, ¿no?**

Sí, claro, fue cuando conocí al Rey en Sevilla. ¡Fue amor a primera vista, pero el Rey no sabía bailar! Hemos vuelto muchas veces a Sevilla a lo largo de los años.

*PAUSA

**¿Tiene usted hijos?**

Sí, tengo tres hijas. La mayor, Amalia, acaba de empezar en la universidad y se ha sacado el carnet de conducir. Las otras dos, todavía están en el instituto.

**Háblenos de su trabajo con las Naciones Unidas.**

Durante una crisis económica mucha gente es vulnerable. Mi trabajo consiste en enseñar cómo entender el mundo financiero.

### 3. DIÁLOGO

### HABLANDO CON EL AVENTURERO, JAVIER MARTÍNEZ.

**Javier, llevas nueve años viajando por el mundo en bicicleta, ¿por qué?**

Trabajaba como fotógrafo en diferentes países y quería seguir viajando. Un día, me di cuenta de que estaba harto de los aeropuertos y cogí una bicicleta.

**Y ¿Cómo ha sido el viaje?**

A decir verdad, ha sido un viaje lleno de retrasos y dolor.

*PAUSA

**¿Te ha pasado algo peligroso?**

En Armenia me quedé atrapado por la nieve sin comida ni bebida. Afortunadamente, eso ha sido lo peor que me ha pasado.

**¿Has terminado de viajar?**

¡Aún no! Estoy obsesionado con llegar a Alaska pero tuve que posponer el viaje porque conocí a mi mujer y tuvimos un niño. Me encanta viajar, sobre todo por las experiencias extremas, los desafíos y la soledad.

## 4. DESCRIPTIVO

### SEAT - SIETE DÉCADAS DE HISTORIA

SEAT es una marca española de fabricación de vehículos desde hace setenta años. La empresa se creó por la necesidad de fabricar vehículos como ambulancias y coches de policía. El SEAT 600 fue el primer coche para muchas familias españolas.
Es una compañía que siempre mira al futuro. Tiene un espacio en el centro de Barcelona, llamado La Casa SEAT. Es un lugar que utilizan para mostrar sus últimos coches.

*PAUSA

A lo largo de su historia, SEAT ha lanzado 75 modelos. Muchos llevan nombres de localidades españolas como Toledo, Ibiza y León. Uno de los más recientes, Arona, debe su nombre a la ciudad costera de 79.000 habitantes situada al sur de Tenerife.

El nuevo coche 'Born' es especial porque es eléctrico. Los nombres que SEAT elige para sus coches son fácilmente pronunciables en docenas de idiomas.

## 5. DESCRIPTIVO

### LA COMIDA TRADICIONAL MEXICANA

La cultura gastronómica celebra la historia y las tradiciones. Nos permite descubrir el estilo de vida, los valores y la identidad de un país.
La comida en México ha sido influenciada por el clima, la geografía y los conquistadores. Según los expertos, la cocina mexicana es variada por los alimentos que se cultivan en cada región.

*PAUSA

Es una comida conocida por sus originales combinaciones. Sólo en la cocina mexicana utilizan el chocolate para preparar una salsa picante. También es famosa por una gran variedad de insectos que dan un toque exótico a la comida.
En el norte, prefieren el pollo y las verduras, mientras que en el sur prefieren la carne de vaca. En México el turismo gastronómico contribuye a la economía, ya que genera miles de empleos y representa el treinta por ciento del gasto de los turistas.

## 6. EL TIEMPO

Previsión del tiempo para hoy, lunes, 28 de noviembre.
Este mes de noviembre ha sido muy cálido y más seco de lo normal.
Las temperaturas mínimas estarán por encima de la media, entre los 13 y los 15 grados.
Por la mañana lloverá y habrá que coger el paraguas.
Por la tarde aumentará la nubosidad en el sureste de la Península.
En las islas Canarias existe la posibilidad de alguna tormenta.

## 7. UNA NOTICIA

### EL SECRETO DEL AMOR

¿Cuál es el secreto del amor? Se lo preguntamos al matrimonio más longevo del mundo que vive en Quito, Ecuador. Se llaman Julio y Meena y tienen una edad impresionante. Juntos tienen más de dos siglos de vida.

A Julio, le gusta ver la televisión y jugar a las cartas. A su esposa, Meena, le gusta pintar y leer el periódico. Antes de jubilarse, trabajaban como profesores y ya hace 79 años desde que se dieron el 'sí quiero'. Se conocieron porque Julio vivía en el mismo edificio que la hermana gemela de Meena.

*PAUSA

A mediados de agosto la pareja recibió de Record Guinness un certificado por ser las personas casadas más mayores del mundo.

Trabajan todos los días en equipo para mantener su relación. Según ellos, el secreto del amor es la paciencia, la madurez y el respeto.

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

## *Tábla 300 @ 5%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 300 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 5% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 225 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 226 | 11 |
| 227 - 233 | 10 |
| 234 - 240 | 9 |
| 241 - 246 | 8 |
| 247 - 253 | 7 |
| 254 - 260 | 6 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 261 - 266 | 5 |
| 267 - 273 | 4 |
| 274 - 280 | 3 |
| 281 - 286 | 2 |
| 287 - 293 | 1 |
| 294 - 300 | 0 |